CEACHT 19

SA CHISTIN

A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. bord, cathaoir, cófra, ... etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Scuab an t-urlár. Glan an bord.
Scuabfaidh mé. **Glanfaidh mé.**

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá Colm agus Nuala sa chistin. Tá siad ag súgradh. Níl Mamaí sa bhaile. Tá Nuala ag ní. Tá Colm ag scuabadh. Tá an bhábóg sa phram.

Agallamh

Nuala: Mise Mamaí. Tá mé ag ní.
Colm: Mise Daidí. Tá mé ag scuabadh.
Nuala: Seo í mo leanbh.
Colm: Tá sí ina codladh.

C. Cleachtadh

Cé atá sa chistin?
Céard atá siad a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh acu?
An bhfuil Mamaí/Daidí sa bhaile?
Céard atá Colm agus Nuala a dhéanamh?
Céard/Cad atá sa phram?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Níl Mamaí **sa bhaile/sa scoil/sa siopa/sa ghairdín,** etc.

Tá Colm **ag súgradh/ag léamh/ag scríobh/ag ní,** etc.

D. Leathnú

Rann Téigh a chodladh, téigh a chodladh,
Téigh a chodladh, a stóirín ó.
Téigh a chodladh, téigh a chodladh,
Téigh a chodladh, a stóirín ó.